Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6684/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0033(NLE)**

**TRANS 46**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Feabhra 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 57 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le tógáil thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Ghrúpa Saineolaithe um an gComhaontú Eorpach maidir le hObair Foirne Feithiclí ag gabháil d'Iompar Idirnáisiúnta de Bhóthar (AETR) agus i Meitheal um Iompar de Bhóthar Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann le togra AETR a ailíniú leis na leasuithe is déanaí ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 57 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 57 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.2.2025
COM(2025) 57 final

2025/0033 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le tógáil thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Ghrúpa Saineolaithe um an gComhaontú Eorpach maidir le hObair Foirne Feithiclí ag gabháil d'Iompar Idirnáisiúnta de Bhóthar (AETR) agus i Meitheal um Iompar de Bhóthar Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann le togra AETR a ailíniú leis na leasuithe is déanaí ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Ghrúpa Saineolaithe um an gComhaontú Eorpach maidir le hobair foirne feithiclí ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar (AETR) de chuid Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CCE-NA) agus i Meitheal CCE-NA um Iompar de Bhóthar (SC.1), i ndáil leis na leasuithe atá beartaithe a ghlacadh chun AETR a ailíniú le reachtaíocht an Aontais tar éis leasuithe a ghlacadh ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006[1] trí Rialacháin (AE) 2020/1054[2] agus (AE) 2024/1258[3], chomh maith le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Airteagal 8a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006, atá ar cheann de na forálacha a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2020/1054.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Eorpach maidir le hObair Foirne Feithiclí ag gabháil d'Iompar Idirnáisiúnta de Bhóthar (AETR)

Is é is aidhm do AETR creat reachtach na bPáirtithe Conarthacha in AETR a chomhchuibhiú a mhéid a bhaineann le tréimhsí tiomána agus scíthe le haghaidh tiománaithe gairmiúla agus leis na ceanglais theicniúla comhfhreagracha maidir le tógáil agus suiteáil an trealaimh taifeadta a úsáidtear i bhfeithiclí (an tacagraf). Tháinig AETR i bhfeidhm an 5 Eanáir 1976. Leasaíodh é ina dhiaidh sin. Glacadh na leasaithe is déanaí a bhaineann le tréimhsí tiomána agus scíthe nó le tacagraif an 20 Meán Fómhair 2010.

Is páirtithe in AETR iad na Ballstáit uile[4].

---

1 Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 3821/85 agus (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle (IO L 102, 11.4.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/561/oj)

2 Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann suíomh le tacagraif, (IO L 249, 31.7.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/1054/oj)

3 Rialachán (AE) 2024/1258 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais íosta maidir le híos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla san earnáil iompair ócáidigh paisinéirí agus maidir le cumhacht na mBallstát pionóis a fhorchur i leith sáruithe ar Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a rinneadh i mBallstát eile nó i dtríú tír, (IO L, 2024/1258, 2.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1258/oj)

4 An Ostair (daingniú an 11/6/1975), an Bheilg (daingniú an 30/12/1977), an Bhulgáir (daingniú an 12/5/1995),
an Chróit (daingniú an 3/8/1992), an Chipir (daingniú an 5/9/2003), an tSeicia (daingniú an 22/6/1993), an Danmhairg
(daingniú an 30/12/1977), an Eastóin (daingniú an 3/5/1993), an Fhionlainn (daingniú an 16/2/1999), an Fhrainc (daingniú
an 9/1/1978), an Ghearmáin (daingniú an 9/7/1975), an Ghréig (daingniú an 11/1/1974), an Ungáir (daingniú an 22/10/1999), Éire (daingniú an 28/8/1979), an Iodáil (daingniú an 28/12/1978), an Laitvia (daingniú an 14/1/1994), an Liotuáin (daingniú an 3/6/1998), Lucsamburg (daingniú an 30/12/1977), Málta (daingniú an 24/9/2004), an Ísiltír (daingniú an 30/12/1977), an Pholainn (daingniú an 14/7/1992), an Phortaingéil (daingniú an

## 2.2. An Grúpa Saineolaithe um AETR agus an Mheitheal um Iompar de Bhóthar

Grúpa teicniúil arna bhunú ag Coiste UNECE um Iompar Intíre is ea an Grúpa Saineolaithe um AETR agus is é is cuspóir don ghrúpa tograí a fhorbairt chun AETR a leasú. De réir an Chinnidh lena mbunaítear an Grúpa Saineolaithe um AETR, féadfaidh an tAontas Eorpach a bheith rannpháirteach sa Ghrúpa Saineolaithe[5]. Dá bhrí sin, déanann an Coimisiún ionadaíocht thar ceann an Aontais sa Ghrúpa Saineolaithe seo.

Grúpa arna bhunú ag an gCoiste um Iompar Intíre chun forbairt agus éascú an iompair idirnáisiúnta de bhóthar a chur chun cinn is ea an Mheitheal um Iompar de Bhóthar (SC.1). Áirítear ar an gcuspóir sin na rialacha agus na ceanglais a bhaineann leis an iompar de bhóthar a chomhchuibhiú agus a shimpliú. Níl rannpháirteach mar Chomhaltaí sa Mheitheal um Iompar de Bhóthar ach amháin na tíortha ar páirtithe conarthacha in AETR iad. Iarrtar ar an Aontas Eorpach a bheith ina Bhreathnóir ar an Meitheal agus, dá réir sin, is é an Coimisiún nó Toscaireacht an Aontais Eorpaigh chuig na Náisiúin Aontaithe agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta eile sa Ghinéiv a dhéanann ionadaíocht thar a cheann.

Go hiondúil, is iad comhaltaí an Ghrúpa Saineolaithe a chuireann síos tograí chun AETR a leasú, a dhéanann scrúdú orthu agus a fhormhuiníonn iad ar dtús, agus ansin cuirtear faoi bhráid Mheitheal um Iompar de Bhóthar CEE-NA (SC.1) iad lena bhformhuiniú. Má bhíonn comhthoil ann sa dá ghrúpa maidir le leasuithe áirithe ar AETR, déanann Páirtí Conarthach in AETR an leasú a chur síos go foirmiúil d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, i gcomhréir le hAirteagal 21 AETR. Ón uair a thugtar fógra faoi thíolacadh an togra chun AETR a leasú ag Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, bíonn 6 mhí ag na Páirtithe Conarthacha chun agóid a dhéanamh in aghaidh an leasuithe. Meastar gur glacadh leis an leasú mura ndéanann aon Pháirtí Conarthach agóid in aghaidh an leasaithe laistigh den sprioc-am sin.

Feidhmíonn na comhlachtaí arna mbunú i CEE-NA (an Grúpa Saineolaithe um AETR agus an Mheitheal um Iompar de Bhóthar) mar fhóram le haghaidh leasuithe ar AETR a chur síos, a scrúdú agus a fhormhuiniú ionas gur féidir tíolacadh foirmiúil na leasuithe a ullmhú de réir AETR agus ionas go seachnófar agóidí tar éis do leasú a bheith curtha go foirmiúil faoi bhráid Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe. Is iomchuí seasaimh an Aontais a bhunú a mhéid a bhaineann le cinntí atá le glacadh sa Ghrúpa Saineolaithe agus i Meitheal um Iompar de Bhóthar CCE-NA.

## 2.3. An gníomh beartaithe atá le breathnú ag an nGrúpa Saineolaithe um AETR agus ag an Meitheal um Iompar de Bhóthar

I mí an Mheithimh 2025, le linn an 38ú seisiún dá chuid atá beartaithe, nó ag seisiúin ina dhiaidh sin, dhéanfadh an grúpa Saineolaithe maidir le AETR, bunaithe ar thogra an Aontais atá i gceangal leis an togra seo, tograí a mheas agus a fhorbairt chun Comhaontú AETR a leasú i gcomhréir leis na leasuithe is déanaí ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006. Cumhdaítear

20/9/1973), an Rómáin (daingniú an 8/12/1994), an tSlóvaic (daingniú an 28/5/1993), an tSlóivéin (daingniú an 6/8/1993), an Spáinn (daingniú an 3/1/1993) agus an tSualainn (daingniú an 24/8/1973).

[5] Cinneadh maidir le hábhair a bhaineann leis an gCoiste um Iompar Intíre: Establishment of a Group of Experts on European Agreement Concerning Work of Crews of Vehicles Engaged in International Road Transport (AETR) [Cinneadh maidir le hábhair a bhaineann leis an gCoiste um Iompar Intíre: Bunú Grúpa Saineolaithe um Chomhaontú Eorpach maidir le hObair Foirne Feithiclí ag gabháil d'Iompar Idirnáisiúnta de Bhóthar (AETR)], ECE/EX/2011/L.16, mír 3: 'I gcomhréir leis na Treoirlínte, bheadh cead rannpháirtíochta sa Ghrúpa Saineolaithe ag gach Ballstát ECE, ag gach Páirtí Conarthach in AETR agus ag an Aontas Eorpach (...)'

leo sin forálacha nua a bhaineann le raon feidhme an Chomhaontaithe, na coinníollacha faoinar féidir tréimhsí scíthe seachtainiúla laghdaithe as a chéile a thógáil, toirmeasc ar an scíth sheachtainiúil rialta a thógáil sa chábán, na rialacha faoina bhfillfidh an tiománaí ar bhunaíocht an fhostóra nó ar áit chónaithe na dtiománaithe, na coinníollacha faoinar féidir tréimhsí scíthe a bheith ar bhád farantóireachta nó ar thraein, maoluithe eile a d'fhéadfadh a bheith ann do thiománaithe atá ag gabháil d'iompar ócáideach paisinéirí, agus prionsabal agus sonraíochtaí na limistéar páirceála sábháilte slán (an gníomh atá beartaithe).

Is é is aidhm don ghníomh atá beartaithe, dálaí oibre tiománaithe a fheabhsú, iomaíocht chóir a fheabhsú agus dá réir sin feabhas a chur ar sábháilteacht ar bhóithre. Cuirfear de chúram ar an nGrúpa Saineolaithe scrúdú a dhéanamh ar an togra d'fhonn na leasuithe atá beartaithe a fhormhuiniú agus a mholadh don Mheitheal um Iompar de Bhóthar iad a fhormhuiniú. D'fhéadfadh an Mheitheal um Iompar de Bhóthar treoir agus treoracha a chur ar fáil don Ghrúpa Saineolaithe freisin i gcás inar gá. A luaithe a bheidh na tograí formhuinithe go neamhfhoirmiúil ag an Meitheal um Iompar de Bhóthar, bheadh ar Pháirtí Conarthach ansin leasuithe den sórt sin a chur síos d'Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe.

Bheadh an gníomh atá beartaithe, má ghlactar é, ina cheangal ar na páirtithe i gcomhréir le hAirteagal 21(6) den Chomhaontú, lena bhforáiltear: 'Aon leasú a mheasfar a bheith glactha, tiocfaidh sé i bhfeidhm trí mhí tar éis an dáta a mheasfar a bheidh glactha leis.'

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Rinneadh comhaontú AETR a leasú go suntasach go deireanach in 2010 agus tá gá le nuashonrú níos ginearálta air. Ó rinneadh an leasú sin, ghlac an tAontas na gníomhartha seo a leanas laistigh dá raon feidhme dlíthiúil féin maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar idirnáisiúnta de bhóthar laistigh de na Ballstáit: Rialacháin (AE) 165/2014[6], (AE) 2020/1054, agus (AE) 2024/1258.

Tá na leasuithe is gá chun príomhfhorálacha Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a thrasuí, go háirithe tabhairt isteach an tacagraif chliste, curtha síos cheana féin ag an Aontas do na Fóraim thuasluaite[7], gan é a bheith indéanta teacht ar chomhaontú d'aon toil i láthair na huaire.

An 4 Deireadh Fómhair 2024, sheas Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh le forálacha Rialacháin (AE) 2020/1054 i gCásanna Uamtha C-541/20 go C-555/20[8].

Mar thoradh air sin, chun go gcomhlíonfaidh an tAontas Airteagal 2(3) de Rialachán (CE) 561/2006, is gá don Aontas nuashonrú ar fhorálacha Chomhaontú AETR a mholadh i gcomhréir leis na caighdeáin is déanaí a glacadh san Aontas maidir leis an ábhar sin.

---

6 Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Feabhra 2014 maidir le tacagraif in iompar de bhóthar, lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3821/85 ón gComhairle maidir le trealamh taifeadta in iompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar, IO L 60, 28.2.2014, lch. 1.

7 Cinneadh (AE) 2021/366 ón gComhairle an 22 Feabhra 2021 maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa Ghrúpa Saineolaithe um an gComhaontú Eorpach maidir le hobair foirne feithiclí ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar (AETR) agus sa Mheitheal um Iompar de Bhóthar de Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip, (IO L 70, 01/03/2021, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/366/oj), arna atáirgeadh i CEE-NA faoi ECE/TRANS/SC.1/GE.21/2021/2.

8 ECLI:EU:C:2024:818.

Tá an seasamh atá beartaithe i gcomhréir le hinniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais i réimse na reachtaíochta sóisialta maidir le hiompar de bhóthar, go háirithe i gcomhréir le hAirteagal 23 de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006.

Sa bhreithiúnas uaithi an 31 Márta 1971 i gCás 22/70 *AETR*[9], d'aithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur inniúlacht sheachtrach eisiach de chuid an Aontais é réimse obair fhoirne na bhfeithiclí atá ag gabháil d'iompar de bhóthar. Ó shin i leith, feidhmíodh an inniúlacht sin ina lán gníomhartha reachtacha a ghlac comhreachtóirí an Aontais, lena n-áirítear Rialacháin (CE) Uimh. 561/2006 agus (AE) Uimh. 165/2014. Ós rud é go dtagann ábhar AETR faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 165/2014, is leis an Aontas, de bhun Airteagal 3(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, atá an chumhacht AETR agus na modhnuithe air a chaibidliú agus a thabhairt i gcrích, agus leis an Aontas amháin.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Tá feidhm ag Airteagal 218(9) CFAE bíodh an tAontas ina chomhalta den chomhlacht nó ina pháirtí sa chomhaontú, nó ná bíodh[10].

I gcás ina dtagann réimse dlí faoi inniúlacht an Aontais Eorpaigh, cé nár ghlac an tAontas Eorpach páirt sa chomhaontú idirnáisiúnta atá i gceist, níl cosc air an inniúlacht sin a fheidhmiú trí sheasamh a bhunú, trína institiúidí, seasamh atá le glacadh thar a cheann sa chomhlacht arna chur ar bun leis an gcomhaontú sin, go háirithe trí na Ballstáit is páirtithe sa chomhaontú sin ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun a leasa[11].

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[12].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlachtaí arna mbunú ag Coiste UNECE um Iompar Intíre iad an Grúpa Saineolaithe um AETR agus an Mheitheal um Iompar de Bhóthar (SC.1).

Gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo is ea na leasaithe atá beartaithe. Bheadh na leasaithe atá beartaithe, má ghlactar iad, ina cheangal faoin ndlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 21(6) AETR.

---

9 Breithiúnas na Cúirte an 31 Márta 1971, an Coimisiún v. an Chomhairle, ECLI:EU:C:1971:32.

10 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 64.

11 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, mír 52.

12 Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

## 4.2. Bunús dlí substainteach

### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is leis an mbeartas iompair a bhaineann príomhchuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91 CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 4.3. Conclúid

Ba cheart Airteagal 91 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe.

2025/0033 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le tógáil thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Ghrúpa Saineolaithe um an gComhaontú Eorpach maidir le hObair Foirne Feithiclí ag gabháil d'Iompar Idirnáisiúnta de Bhóthar (AETR) agus i Meitheal um Iompar de Bhóthar Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann le togra AETR a ailíniú leis na leasuithe is déanaí ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú Eorpach maidir le hObair Foirne Feithiclí ag gabháil d'Iompar Idirnáisiúnta de Bhóthar (AETR)[13] i bhfeidhm an 5 Eanáir 1976. Tá inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir leis an ábhar a chumhdaítear le AETR[14].

(2) De bhun Airteagal 2(3), an dara fomhír de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[15], ba cheart forálacha AETR a bheith ailínithe le forálacha an Rialacháin sin. Le Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] agus (AE) 2024/1258[17], leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 561/2006. Ina theannta sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 ón gCoimisiún forlíontar Airteagal 8a(2) de Rialachán (CE) Uimh. 561/2006, atá ar cheann de na forálacha a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2020/1054. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas a mholadh AETR a leasú chun na leasuithe a tugadh isteach le Rialacháin (AE) 2020/1054 agus (AE) 2024/1258 agus arna bhforlíonadh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012 a léiriú. Cumhdaítear leo sin forálacha nua a bhaineann le raon feidhme an Chomhaontaithe, na coinníollacha faoinar féidir tréimhsí scíthe

[13] IO L 95, 8.4.1978, lch. 1.

[14] An breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 31 Márta 1971, *an Coimisiún v an Comhairle (AETR)*, 22/70, AE:C:1971:32, míreanna 30 agus 31.

[15] Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 maidir le comhchuibhiú reachtaíochta sóisialta áirithe a bhaineann le hiompar de bhóthar agus lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 3821/85 agus (CE) Uimh. 2135/98 ón gComhairle agus lena n- aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 3820/85 ón gComhairle, IO L 102, 11.4.2006, lch. 1.

[16] Rialachán (AE) 2020/1054 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le riachtanais íosta maidir le huastréimhsí tiomána laethúla agus seachtainiúla, íos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla, agus Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a mhéid a bhaineann suíomh le tacagraif, IO L 249, 31.7.2020, lch. 1.

[17] Rialachán (AE) 2024/1258 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann leis na ceanglais íosta maidir le híos-sosanna agus tréimhsí scíthe laethúla agus seachtainiúla san earnáil iompair ócáidigh paisinéirí agus maidir le cumhacht na mBallstát pionóis a fhorchur i leith sáruithe ar Rialachán (AE) Uimh. 165/2014 a rinneadh i mBallstát eile nó i dtríú tír, IO L, 2024/1258, 2.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1258/oj.

seachtainiúla laghdaithe as a chéile a thógáil, toirmeasc ar an scíth sheachtainiúil rialta a thógáil sa chábán, na rialacha faoina bhfillfidh an tiománaí ar bhunaíocht an fhostóra nó ar áit chónaithe na dtiománaithe, na coinníollacha faoinar féidir tréimhsí scíthe a bheith ar bhád farantóireachta nó ar thraein, maoluithe eile a d'fhéadfadh a bheith ann do thiománaithe atá ag gabháil d'iompar ócáideach paisinéirí, agus prionsabal agus sonraíochtaí na limistéar páirceála sábháilte slán (an gníomh atá beartaithe).

(3) De bhun Airteagal 21 AETR, féadfaidh aon Pháirtí Conarthach tograí i gcomhair leasuithe ar AETR a chur faoi bhráid Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe (NA). Go hiondúil, sula gcuirtear na tograí faoi bhráid Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe, cuirtear síos iad, déantar scrúdú orthu agus formhuinítear iad i Meitheal um Iompar de Bhóthar (SC.1) Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (CEE-NA) ar dtús. Bhunaigh CEE-NA Grúpa Saineolaithe maidir le AETR faoi chuimsiú AETR. Is éard atá sa Ghrúpa seo comhlacht a bhfuil sé de chumhacht aige tograí chun an AETR a leasú a fhorbairt agus a chur faoi bhráid na Meithle um Iompar de Bhóthar UNECE. Molfaidh an tAontas, ar bhonn an chinnidh seo, go bpléifidh an Grúpa Saineolaithe um AETR, le linn an 38ú seisiún atá beartaithe aige i mí an Mheithimh 2025, agus ag seisiúin ina dhiaidh sin, agus Meitheal UNECE um Iompar de Bhóthar, le linn an 120ú seisiún atá beartaithe aige i mí Dheireadh Fómhair 2025, agus ag na seisiúin ina dhiaidh sin, leasuithe ar AETR a bhaineann le feabhas a chur ar dhálaí oibre do thiománaithe atá ag gabháil d'iompar idirnáisiúnta de bhóthar, mar a eascraíonn as na leasuithe a rinneadh le déanaí ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a tugadh isteach le Rialacháin (AE) 2020/1054 agus (AE) 2024/1258 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012.

(4) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Ghrúpa Saineolaithe um AETR, agus sa Mheitheal um Iompar de Bhóthar, is iomchuí é a bhunú, ós rud é go mbeadh na tograí le haghaidh leasuithe a n-iarrfar orthu a fhorbairt agus a fhormhuiniú ina gceangail faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 21(6) AETR.

(5) Níor cheart do na Ballstáit agóid a dhéanamh i gcoinne fógra ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe faoi Airteagal 21(1) AETR, maidir le leasuithe atá beartaithe agus atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Mura mbeidh fógra ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe teoranta do na leasuithe atá beartaithe agus atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, níor cheart do na Ballstáit agóid a dhéanamh i gcoinne na leasuithe sin atá beartaithe agus atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

(6) Tá seasamh an Aontais i nGrúpa Saineolaithe AETR le cur in iúl ag an gCoimisiún, tá seasamh an Aontais sa Mheitheal um Iompar de Bhóthar le cur in iúl ag na Ballstáit agus iad ag gníomhú go comhpháirteach chun leas an Aontais.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i seisiúin ina dhiaidh sin de Ghrúpa Saineolaithe CCE-NA um an gComhaontú Eorpach maidir le hObair Foirne Feithiclí ag gabháil d'Iompar Idirnáisiúnta de Bhóthar (AETR) agus i seisiúin ina dhiaidh sin den Mheitheal um Iompar de Bhóthar (SC.1) maidir le togra AETR a ailíniú leis na leasuithe a rinneadh le déanaí ar Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a tugadh isteach le Rialacháin (AE) 2020/1054 agus (AE) 2024/1258 agus le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1012, leagtar amach é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Cinneadh seo.

Féadfar athruithe foirmiúla agus mionathruithe ar an seasamh dá dtagraítear sa chéad mhír a chomhaontú gan cinneadh dá éis sin ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Cuirfidh an Coimisiún agus na Ballstáit an seasamh dá dtagraítear in Airteagal 1 in iúl i nGrúpa Saineolaithe um Chomhaontú AETR, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, i Meitheal CCE-NA um Iompar de Bhóthar.

*Airteagal 3*

I gcás inar fhormhuinigh Meitheal CCE-NA um Iompar de Bhóthar aon leasú atá beartaithe a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, cuirfidh na Ballstáit, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach chun leas an Aontais, faoi bhráid Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe é, i gcomhréir le hAirteagal 21(1) AETR.

Ní dhéanfaidh na Ballstáit agóid i gcoinne fógra ó Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe faoi Airteagal 21(1) AETR maidir le leasuithe atá beartaithe agus atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 4*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*